Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**9616/23**

**RECH 190**
**EDUC 169**
**PI 77**
**DIGIT 96**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 23 Bealtaine 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8827/23 |
| Ábhar: | Foilsitheoireacht léinn atá ar ardchaighdeán, trédhearcach, oscailte, iontaofa agus cothromasach<br>- Conclúidí ón gComhairle (a formheasadh an 23 Bealtaine 2023) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le foilsitheoireacht léinn atá ar ardchaighdeán, trédhearcach, oscailte, iontaofa agus cothromasach, a d'fhormheas an Chomhairle ag an 3949ú cruinniú a bhí aici an 23 Bealtaine 2023.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE FOILSITHEOIREACHT LÉINN ATÁ AR ARDCHAIGHDEÁN, TRÉDHEARCACH, OSCAILTE, IONTAOFA AGUS COTHROMASACH**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Á MEABHRÚ DI

– na Conclúidí uaithi an 1 Nollaig 2015 maidir leis an tsláine taighde[1], inar aithníodh tábhacht na heolaíochta oscailte mar shásra chun sláine taighde a threisiú, agus a mhalairt;

– na Conclúidí uaithi an 27 Bealtaine 2016 maidir leis an aistriú i dtreo córas eolaíochta oscailte[2], inar aithníodh go bhféadfadh an eolaíocht oscailte cáilíocht agus tionchar na heolaíochta a mhéadú chun leas na sochaí;

– an Moladh uaithi an 5 Aibreán 2022 maidir le naisc a chothú le haghaidh comhar éifeachtach Eorpach san ardoideachas[3], inar cuireadh i dtreis a thábhachtaí atá sé tacú le réitigh foinse oscailte a phíolótú agus a thástáil chun dúshláin choiteanna a shárú, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le hidir-inoibritheacht, ullmhacht dhigiteach, ceannasacht sonraí agus freagracht na gcóras ardoideachais;

---

1 14853/15
2 9526/16
3 IO C 160, 13.4.2022, lch. 1–8

– na Conclúidí uaithi an 10 Meitheamh 2022 maidir le prionsabail agus luachanna le haghaidh comhar idirnáisiúnta sa taighde agus sa nuálaíocht[4], inar spreagadh an eolaíocht oscailte d'fhonn comhdhlúthú cómhalartach agus scaipeadh torthaí taighde a lorg trí chreataí agus straitéisí lena ndírítear ar rochtain oscailte láithreach ar fhoilseacháin eolaíocha, agus lenar tacaíodh le cearta taighdeoirí torthaí agus sonraí a dtaighde a fhoilsiú, a chomhroinnt, a scaipeadh agus a chur in iúl go hoscailte, lena n-áirítear trí oiliúint agus teagasc, chomh maith le bheith rannpháirteach in eagraíochtaí ionadaíocha gairmiúla nó acadúla gan iad a bheith faoi mhíbhuntáiste ag an gcóras ina n-oibríonn siad nó ag aon chinsireacht nó idirdhealú;

– na Conclúidí uaithi an 10 Meitheamh 2022 maidir le measúnú ar thaighde agus cur chun feidhme na heolaíochta oscailte[5], inar cuireadh i dtreis go bhfuil gá le rochtain gan bhac ar thorthaí taighde, ar fhoilseacháin agus ar shonraí a mhaoinítear go poiblí agus le hathúsáid na dtorthaí sin chun críocha taighde, agus inar léiríodh na tairbhí a bhaineann le heolaíocht oscailte agus le rochtain oscailte láithreach ar fhoilseacháin taighde, agus le hilteangachas chun torthaí taighde a chur in iúl ar bhonn níos leithne,

**<u>I dtreo córas foilsitheoireachta léinn atá oscailte, cothromasach agus inbhuanaithe</u>**

1. MEABHRAÍTEAR DI gurb é an fhoilsitheoireacht léinn, trí irisí, an phríomh-mhodh acadúil chun torthaí taighde agus eolas eolaíoch nua a scaipeadh; ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé dlús a chur leis an aistriú chuig an eolaíocht oscailte chun cáilíocht, éifeachtúlacht agus tionchar an taighde a fheabhsú trí thrédhearcacht, inrochtaineacht, éagsúlacht, in-athúsáidteacht, in-atáirgtheacht agus iontaofacht torthaí taighde a chur chun cinn, go bhfuil rochtain oscailte ar fhoilseacháin léinn, lena n-áirítear a n-athúsáid, ar cheann de phríomhghnéithe chóras eolaíochta oscailte, agus go bhfuil gá le gníomhaíocht chun a áirithiú go dtacóidh an fhoilsitheoireacht léinn leis na haidhmeanna sin;

4 10125/22
5 10126/22

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go leanann an t-aistriú digiteach, d'ainneoin na ndúshlán a bhaineann leis, de dheiseanna a chruthú do mhodhanna éifeachtúla agus éifeachtacha nua foilsitheoireachta léinn, mar shampla uirlisí foilsitheoireachta ar líne, stórtha agus ardáin do raon leathan aschur taighde i ngach réimse, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon, ach go bhfuil cuid mhaith den chóras reatha bunaithe ar shamhlacha gnó agus oibríochtúla nach bhfuil an acmhainneacht digiteála bainte amach go hiomlán acu go fóill, go háirithe i ndáil le raon méadaithe torthaí taighde atá ag éirí níos tábhachtaí mar shampla tacair sonraí, bogearraí agus prótacail taighde; agus CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh i ríomh-bhonneagar, in uirlisí agus in acmhainní digiteacha agus nuálacha;

3. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur cheart don fhoilsitheoireacht léinn tacú le prionsabail bhunriachtanacha na saoirse acadúla, na sláine taighde agus an bharr feabhais eolaíoch, chomh maith le huas-inrochtaineacht agus in-athúsáidteacht torthaí taighde, agus tacaíocht á tabhairt ag an am céanna do phobail taighde agus dá gcomhar trasdisciplíneach, agus CUIREANN SÍ I dTREIS gur modhanna tábhachtacha iad na cleachtais eolaíocha chun in-atáirgtheacht, trédhearcacht, comhroinnt, déine agus comhar a áirithiú chun córas foilsitheoireachta a bheidh freagrúil do na dúshláin a bhaineann le sochaithe daonlathacha nua-aimseartha digitithe a bhaint amach; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur cheart rochtain oscailte láithreach neamhshrianta a bheith mar ghnáthchleachtas maidir le taighde a bhaineann le cistí poiblí a fhoilsiú, le praghsáil thrédhearcach atá i gcomhréir leis na seirbhísí foilseacháin agus i gcás nach gclúdaíonn údair nó léitheoirí aonair costais;

**<u>Tacú leis an éagsúlacht agus cothromas a áirithiú san fhoilsitheoireacht léinn</u>**

4. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil éagsúlacht sna cleachtais foilsitheoireachta ó thaobh disciplíní de, agus CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur cheart leanúint de thacaíocht a thabhairt do roinnt formáidí foilseacháin, mar shampla monagraif, leabhair agus formáidí fadtéacs, go háirithe sna heolaíochtaí sóisialta agus sna daonnachtaí, agus foilsitheoireacht rochtana oscailte á cur chun cinn ag an am céanna lena bhféadfadh réimse éagsúil formáidí agus foilsitheoireacht i réimse teangacha a bheith ann ag an am céanna;

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil an córas reatha foilsitheoireachta léinn á oibriú ag eagraíochtaí brabúsacha agus seachbhrabúsacha éagsúla agus AITHNÍONN SÍ agus is cúis imní di gur ábhar neamhionannais iad costais mhéadaitheacha na mballaí pá as rochtain ar fhoilseacháin eolaíocha agus léinn agus go bhfuil siad na costais sin ag éirí neamh-inbhuanaithe do chisteoirí taighde poiblí agus d'institiúidí atá freagrach as cistí poiblí a chaitheamh, rud a laghdaíonn an cistiú atá ar fáil le haghaidh taighde;

6. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá samhlacha foilsitheoireachta rochtana seachbhrabúsacha oscailte léinn nach ngearrann táillí ar údair ná ar léitheoirí agus inar féidir le húdair a saothar a fhoilsiú gan maoiniú/critéir incháilitheachta institiúideacha; TUGANN SÍ DÁ hAIRE an éagsúlacht samhlacha nach bhfuil ag brath ar mhuirir próiseála alt nó muirir chomhchosúla in aghaidh an aonaid agus CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé tacú le forbairt samhlacha den sórt sin faoi stiúir eagraíochtaí taighde poiblí;

7. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR go bhfuil sé ríthábhachtach cásanna a sheachaint ina mbeadh taighdeoirí teoranta ina rogha bealaí foilsithe de bharr acmhainneachtaí airgeadais seachas critéir cháilíochta, agus ina mbeadh rochtain ar fhoilseacháin taighde srianta de bharr ballaí pá; IS DÍOL SÁSAIMH DI an comhordú laistigh den Aontas agus leis na comhpháirtithe domhanda chun tacú le cothromas san fhoilsitheoireacht léinn, agus Moladh UNESCO maidir leis an Eolaíocht Oscailte[6] á chur san áireamh;

**<u>Iontaoibh a fheabhsú agus ardcháilíocht, trédhearcacht agus sláine san fhoilsitheoireacht léinn a áirithiú</u>**

8. CUIREANN SÍ I dTREIS go gcuimsíonn an tsaoirse acadúil an ceart chun ceisteanna taighde a shainiú gan bhac, teoiricí a roghnú agus a fhorbairt, ábhar eimpíreach a bhailiú, modhanna taighde acadúil a úsáid, eagna inghlactha a cheistiú agus smaointe nua a thabhairt chun cinn, agus go mbaineann an ceart léi torthaí na saincheisteanna sin a chomhroinnt, a scaipeadh agus a fhoilsiú, lena n-áirítear trí oiliúint agus teagasc, agus CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR gur bagairt é aon srian ar na cleachtais sin ar an tsaoirse acadúil agus ar an tsláine taighde;

6 Moladh UNESCO maidir leis an Eolaíocht Oscailte — Leabharlann Dhigiteach UNESCO

9. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR gur cheart go leanfadh dian-athbhreithniú piaraí de bheith bunriachtanach don fhoilsitheoireacht léinn, agus go nglacfadh taighdeoirí freagracht as athbhreithniú piaraí agus as comhairle shaineolach a chur ar fáil maidir le boird eagarthóireachta, lena n-áiritheofaí caighdeáin eolaíocha, bailíocht agus cáilíocht an taighde; CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur cheart don athbhreithniú piaraí leanúint de shláine taighde agus iontaoibh san eolaíocht a thógáil agus a chothabháil, lena n-áirítear trí fhoilseacháin neamhbhailí a tharraingt siar; AITHNÍONN SÍ go bhfuil dúshláin éagsúla roimh an gcóras athbhreithnithe piaraí faoi láthair, e.g. méadú ar líon na n-aighneachtaí agus tuirse athbhreithnitheora; CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá trédhearcacht a chur chun cinn trí chleachtais oscailte athbhreithnithe piaraí, agus aitheantas agus luach saothair a thabhairt do thaighdeoirí as athbhreithniú piaraí;

10. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur saintréith lárnach de cháilíocht an taighde í an in-atáirgtheacht a bhfuil dlúthbhaint aici le trédhearcacht agus sláine taighde, agus go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag easpa in-atáirgtheachta ar dhul chun cinn eolaíoch agus ar iontaoibh san eolaíocht;

**<u>An bealach chun tosaigh</u>**

**Na creatchoinníollacha**

11. MOLANN SÍ do na Ballstáit agus don Choimisiún dlús a chur leis an tacaíocht a thugtar d'fhorbairt beartas agus straitéisí institiúideacha agus cistiúcháin ailínithe maidir le samhlacha foilsitheoireachta léinn ilfhormáideacha seachbhrabúis rochtana oscailte san Eoraip gan aon chostas d'údair ná do léitheoirí, agus treochláir nó pleananna gníomhaíochta a leagan síos agus a chur chun feidhme chun samhlacha foilsitheoireachta den sórt sin a leathnú go suntasach;

12. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur thug roinnt Ballstát cearta foilsithe tánaisteacha isteach ina reachtaíocht náisiúnta maidir le cóipcheart, lena gcumasaítear rochtain oscailte ar fhoilseacháin léinn a raibh baint ag cistí poiblí leo; MOLANN SÍ don Choimisiún, i gcomhthéacs ghníomhaíocht 2 LET i gClár Oibre Beartais LET 2022–2024, bearta a scrúdú agus a mholadh ar leibhéal an Aontais arb é is aidhm dóibh deireadh a chur le bacainní ar rochtain ar thorthaí taighde a mhaoinítear go poiblí agus ar athúsáid na dtorthaí sin, chomh maith le foilseacháin agus sonraí chun críocha taighde, agus toiliú an údair á ráthú ag an am céanna; IARRANN SÍ ar na Ballstáit a mbeartais agus a dtreoirlínte náisiúnta maidir le rochtain oscailte a thabhairt cothrom le dáta chun foilseacháin léinn a dhéanamh inrochtana go hoscailte láithreach faoi cheadúnais oscailte agus chun prionsabail FAIR (inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte) agus ‘a oscailte is féidir, a iata is gá’ a chur i bhfeidhm maidir le sonraí taighde, agus Moladh ECFE maidir le Rochtain ar Shonraí Taighde ó Mhaoiniú Poiblí á chur san áireamh[7];

13. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT go bhfuil gá le hathrú i gcultúr an taighde lena n-aithnítear gníomhaíochtaí taighde éagsúla a bhfuil sé mar sprioc uileghabhálach acu ardcháilíocht agus tionchar an taighde a uasmhéadú; IS DÍOL SÁSAIMH DI, i ndáil leis sin, gníomhaíochtaí na Comhghuaillíochta um Measúnú Taighde a Chur Chun Cinn (CoARA); agus MOLANN SÍ dlúth-idirphlé idir geallsealbhóirí, na Ballstáit, an Coimisiún agus Tíortha Comhlachaithe maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar mheasúnú taighde, i gcomhar le comhpháirtithe domhanda;

14. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go gcuireann an easpa sonraí agus faisnéise iontaofa maidir le staid na foilsitheoireachta léinn, lena n-áirítear costais agus sonraí leabharmhéadracha, bac ar fhorbairt, ar chur chun feidhme agus ar mheastóireacht beartais maidir le rochtain oscailte a chur chun cinn agus go lagaítear dá bharr seasamh na mBallstát agus na n-eagraíochtaí taighde maidir le caibidlíocht a dhéanamh le foilsitheoirí tráchtála; ADMHAÍONN SÍ na forbairtí leanúnacha chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na heolaíochta oscailte faoi chuimsiú an Néil Eorpaigh maidir leis an Eolaíocht Oscailte (EOSC), bunaithe ar fhaireachán náisiúnta agus ar tháscairí coiteanna cáilíochtúla agus cainníochtúla; MOLANN SÍ do na Ballstáit agus don Choimisiún dlús a chur leis na forbairtí sin agus ilroinnt na dtionscnamh faireacháin a laghdú trí fhaireachán eolaíochta oscailte a áireamh i sásra faireacháin LET, agus iarracht a dhéanamh chun a áirithiú go gcloífidh na sonraí faireacháin le prionsabail FAIR;

[7] Moladh ó Chomhairle ECFE maidir le Rochtain ar Shonraí Taighde ó Mhaoiniú Poiblí — ECFE

**Acmhainneacht: bonneagair agus scileanna**

15. LEANANN SÍ de na Ballstáit a spreagadh chun tacú le píolótú an tionscadail Taighde Oscailte Eorpach (ORE) le go mbeidh sé ina sheirbhís chomhchoiteann seachbhrabúsach mhórscála foilsitheoireachta taighde chun leas an phobail, agus chun tacú le hardáin agus samhlacha ábharsonracha seachbhrabúsacha náisiúnta foilsitheoireachta rochtana poiblí eile a sholáthraíonn seirbhísí foilsitheoireachta ardcháilíochta do thaighdeoirí agus, nuair is féidir agus nuair is oiriúnach, atá nasctha ar an leibhéal Eorpach le haghaidh acmhainneacht, éifeachtúlacht, inúsáidteacht agus cost-éifeachtúlacht mhéadaithe;

16. MOLANN SÍ do na Ballstáit agus don Choimisiún infheistíocht a dhéanamh i mbonneagair idir-inoibritheacha seachbhrabúsacha le haghaidh foilsitheoireacht bunaithe ar bhogearraí foinse oscailte agus ar chaighdeáin oscailte, agus iad a chothú, chun gaibhniú seirbhísí chomh maith le córais dhílsithe a sheachaint, agus na bonneagair sin a nascadh le EOSC;

17. MOLANN SÍ do na Ballstáit agus don Choimisiún cleachtaí foghlama frithpháirtí a fhorbairt maidir le hathbhreithniú piaraí, lena gcumhdaítear prionsabail agus cleachtais, conas trédhearcacht a chur chun cinn agus conas gníomhaíochtaí athbhreithnithe piaraí a aithint agus a chúiteamh agus measúnú á dhéanamh ar thaighdeoirí;

18. MOLANN SÍ do na Ballstáit agus don Choimisiún gníomhaíocht a dhéanamh chun fothú acmhainneachta institiúidí a chur chun cinn agus chun eolas taighdeoirí ar chearta maoine intleachtúla agus a luach a mhéadú, lena n-áirítear iarmhairtí aistrithe cóipchirt ó údair go foilsitheoirí agus an tábhacht a bhaineann le maoin intleachtúil straitéiseach na dtaighdeoirí a bhainistiú chun rochtain oscailte láithreach agus neamhshrianta ar fhoilseacháin eolaíocha a éascú;

19. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún a mbeartais agus a moltaí maidir le rochtain oscailte agus an eolaíocht oscailte a ailíniú leis an gComhaontú um Thaighde agus um Nuálaíocht san Eoraip[8] agus leis an gCód Iompair Eorpach maidir leis an tSláine Taighde de chuid Chónaidhm Eorpach na nAcadamh Eolaíochtaí agus na nDaonnachtaí[9], agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR bhfuil sé ríthábhachtach, agus sin á dhéanamh acu, oiliúint agus ábhair a fhorbairt lena dtacófar le taighdeoirí ina n-iarrachtaí prionsabail na heolaíochta oscailte a chur i bhfeidhm, agus a áirithiú ag an am céanna go gcomhlíonfar ardchaighdeáin sláine taighde;

---

[8] IO L 431, 2.12.2021, lch. 1–9

[9] ALLEA-Cód Iompair Eorpach maidir leis an tSláine Taighde-2017.pdf

20. IARRANN SÍ ar na Ballstáit, i gcomhar leis an gCoimisiún, aghaidh a thabhairt ar bhealach córasach ar shaincheist na foilsitheoireachta creiche agus oiliúint maidir le cleachtais fhoilsitheoireachta atá freagrach, oscailte agus eiticiúil do mhic léinn agus do thaighdeoirí ag gach céim den ghairmréim a chur chun cinn agus tacú leis an oiliúint sin, agus ar an gcaoi sin na scileanna agus na hinniúlachtaí a theastaíonn uathu a chur ar fáil dóibh, mar aon le hoiliúint agus feasacht leordhóthanach a áirithiú maidir le cleachtais foilsitheoireachta creiche, amhrasacha, mheabhlacha agus ar chaighdeán íseal agus an tionchar diúltach a bhíonn acu ar iontaofacht an taighde.